**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

---

(1) IO C 24, 17.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Les Bordes Golf International v EUIPO – Mast-Jägermeister (LES BORDES)**

**(Cás T-696/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh LES BORDES – Marc fíortha idirnáisiúnta níos luaithe lena léirítear, inter alia, ceann carria – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/56)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Les Bordes Golf International (Saint-Laurent-Nouan, an Fhrainc) (ionadaí: M. Maier, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Mast-Jägermeister SE (Wolfenbüttel, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Drzymalla, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 1 Meán Fómhair 2021 (Cás R 67/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Les Bordes Golf International na costais a íoc.

---

(1) IO C 2, 3.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Associação do Socorro e Amparo v EUIPO – De Bragança (quis ut Deus)**

**(Cás T-752/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh quis ut Deus – Easpa fíorusáid a bhaint as an trádmharc – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/57)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Associação do Socorro e Amparo (Liospóin, an Phortaingéil) (ionadaí: J. Motta Veiga, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: I. Ribeiro da Cunha agus D. Gája, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO:* Duarte Pio De Bragança (Sintra, an Phortaingéil)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 21 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 581/2021-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 21 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 581/2021-4) ar neamhní a mhéid ar cuireadh cinneadh ón Rannán Cúlghairme an 29 Eanáir 2021 ar neamhní go páirteach leis.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do EUIPO a chostais féin a íoc chomh maith le costais Associação do Socorro e Amparo.

---

([1]) IO C 37, 24.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – just-organic.com v EUIPO (JUST ORGANIC)**

**(Cás T-802/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh JUST ORGANIC – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/58)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* just-organic.com GmbH (Essen, an Ghearmáin) (iondaí: C. Menebröcker, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaí: D. Hanf, Gníomhaire)

**Maidir le:**

Trína ghníomhaíocht atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 20 Deireadh Fómhair 2021 (cás R 1010/2021-2) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do just-organic.com GmbH na costais a íoc.

---

([1]) IO C 73, 14.2.2022.